COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

E00178515 BR1 1024

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

# Is muidne Coigilteas Stáit na hÉireann

## Do Threoir maidir le hAirgead a Shábháil linne

Tá tuilleadh eolais le fáil ag
**statesavings.ie**





# Is muidne Coigilteas Stáit na hÉireann.

Cuirimid bealach áisiúil ar fáil do gach duine in Éirinn chun airgead a shábháil, bíodh an tsuim mór nó beag, an t-achar ama gearr nó fada.

Tá réimse leathan táirgí ar fáil uainn, mar sin is cuma cén fáth a bhfuil airgead á shábháil agat, tá rogha againn a oireann duitse.

**Cad a dhéanaimid**

Nuair a shábhálann tú airgead linne, bíonn gach cent faoi chosaint ag an Stát, ionas gur féidir leat a bheith deimhin de go bhfuil d'airgead slán sábháilte. Tá ár gcuid táirgí Téarma Sheasta, Tráthchoigiltis agus Duaisbhannaí saor ó cháin agus ní ghearrtar táillí ná muirir ar bith orthu, agus is féidir leat do chuid airgid a aistarraingt má theastaíonn sé uait, gan phionós.

**Tacaímid le cultúr láidir coigiltis**

Creidimid gur tábhachtach an rud é airgead a shábháil – ní i gcomhair lá na coise tinne amháin ach chun sult a bhaint as. Ach airgead a bheith i dtaisce agat is féidir leat do chuid aislingí a fhíorú, bídís beag nó mór. Is mian linn nós na sábhála airgid a bheith ina chuid den saol laethúil ionas gur féidir níos mó aislingí a fhíorú.

# Cuirimid ar chumas gach glúine airgead a shábháil.

Is tábhachtach an rud é airgead a chur i dtaisce. Soláthraímid roghanna slán sábháilte chun airgead a shábháil, is cuma cé mhéad airgid nó cén tréimhse ama atá i gceist. Mar sin is féidir leat pleanáil i gcomhair an ama atá le teacht.

## Bealaí chun Airgead a Shábháil

### Duaisbhannaí

Duaisbhannaí beagán spleodair leis an gcoigilt. Toisc go gcuirtear na Duaisbhannaí go léir isteach i ngach crannchur seachtainiúil, bíonn deis ann i gcónaí buachan. Bíonn seans agat ar ár bpríomhdhuais €50,000 gach seachtain agus €500,000 gach mí*.

Is bealach solúbtha iad le hairgead a shábháil freisin. Ceannaigh Duaisbhannaí ar líne, in Oifig an Phoist nó ar an bhfón. Is féidir leat fiú dochar díreach míosúil a chur ar bun le haghaidh duaisbhannaí a cheannach go rialta. Agus má bhíonn sé d'ádh ortsa duais a bhuachan, ní bheidh aon cháin le híoc ar do dhuais in Éirinn. Is iontach an bronntanas iad agus spreagann siad leanaí chun airgead a shábháil.

**Tá na duaiseanna bunaithe ar rátaí a socraíodh i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus tá siad faoi réir athraithe.*

### Coigilteas Téarma Sheasta

Má tá cnapshuim agat (€50 nó níos mó) le sábháil, tá roinnt roghanna téarma sheasta againn duit:

- Bannaí Coigiltis 3 Bliana
- Cairteacha Coigiltis 5 Bliana
- Bannaí Dlúthpháirtíochta Náisiúnta 10 mBliana

Íoctar ús saor ó cháin ar gach rogha, ní ghearrtar aon táillí, agus tá do chuid airgid ar fáil duit gan phionós ag am ar bith.

### Tráthchoigilt

Bain an tairbhe is fearr as airgead a shábháil go rialta agus ús á fháil agat ar chuntas téarma sheasta. Ní gá duit ach €25 in aghaidh na míosa ar a laghad a shábháil go rialta ar feadh 12 mhí agus, tar éis na chéad bhliana, aistreofar an méid carntha isteach i bplean coigiltis téarma sheasta i gcomhair na tréimhse cúig bliana atá fágtha. Bealach áisiúil is ea an tráthchoigilt chun sábháil i gcomhair cnapshuim saor ó cháin tráth na haibíochta.

### Sochar Linbh a Shábháil

Leis an dá tháirge coigiltis sochair linbh, is féidir leat d'íocaíochtaí sochair linbh a chur i dtaisce chun cabhrú leat airgead a shábháil don leanbh nuair a bheidh sé nó sí níos sine.

- **Coigilt Chúram Leanaí Breise**
  Íoctar do shochar linbh díreach isteach sa táirge coigiltis Coigilt Chúram Leanaí Breise. Sábháil do shochar linbh ar feadh tréimhse 12 mhí agus gheobhaidh tú ús saor ó cháin tar éis cúig bliana. Déantar an táirge a athnuachan sa ghnáthchúrsa gach bliain chun cabhrú leat airgead a chur i dtaisce don leanbh amach anseo.
- **Cuntas Coigilt Chúram Leanaí**
  Le Cuntas Coigilt Chúram Leanaí, is féidir leat do Shochar Linbh a chur i dtaisce gach mí agus bíonn solúbthacht agat i dtaobh airgead breise a chur leis nó an t-airgead a aistarraingt uair ar bith. Is ar an ráta athraitheach atá i bhfeidhm againn a íoctar ús ar airgead sa chuntas sin, agus tá an t-ús faoi réir DIRT.

### Cuntas Taisce (Banc Taisce an Phoist)

Le breis agus 100 bliain anuas, táimid ag cabhrú le daoine, idir óg agus sean, airgead a shábháil. Is bealach áisiúil é ár gCuntas Taisce do dhaoine fásta agus do pháistí le hairgead a shábháil. Is féidir leat airgead a chur i dtaisce agus a aistarraingt i d'Oifig Poist féin pé uair is mian leat, ionas gur féidir leat tosú ag carnadh airgid.

Scan an cód mearfhreagartha go bhfeicfidh tú na rátaí úis atá againn faoi láthair. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ag **statesavings.ie** nó i d'oifig poist.



# Tosaigh ag sábháil airgid inniu.

Chun tosú ag sábháil airgid linn, ní mór duit a bheith cláraithe mar chustaiméir de chuid Choigilteas Stáit na hÉireann. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ansin chun aon cheann dár dtáirgí coigiltis a cheannach:

- Téarma Seasta (3, 5 agus 10 mbliana)
- Tráthchoigilt
- Duaisbhannaí
- Childcare Save
- Childcare Plus

**Táirgí Eile**
Is féidir Duaisbhannaí a cheannach mar bhronntanas ar líne, ar an bhfón in aon Oifig Poist ach Foirm Iarratais ar Bhronntanas Duaisbhannaí a líonadh isteach. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar ár gCuntas Taisce freisin ar an bhfoirm iarratais ábhartha ag Oifig an Phoist.

**Conas tú féin a Chlárú**
Faigh foirm do Chustaiméirí Nua ó d'Oifig Poist nó íoslódáil í ó **statesavings.ie** Is féidir leat cur isteach ar tháirge coigiltis a cheannach nuair a bheidh Uimhir Chustaiméara Coigiltis Stáit (UCCS) faighte agat.

Féach **statesavings.ie/SSCN** le haghaidh tuilleadh eolais.

**Conas Táirgí a Cheannach**

- **Ar líne:** Téigh chuig statesavings.ie i gcomhair bealach tapa, áisiúil chun Táirgí Téarma Sheasta agus Duaisbhannaí a cheannach.
- **Tabhair faoi deara:** Ní féidir Táirgí Tráthchoigiltis ná Táirgí Childcare a cheannach ar líne.
- **Oifig Poist:** Ceannaigh in aon Oifig Poist iad trí d'Uimhir Chustaiméara Coigiltis Stáit a lua.
- **Teileafón:** Cuir glaoch ar fhoireann Choigilteas Stáit na hÉireann ar 0818 20 50 60 / 01 705 7200.
- **Dochar Díreach:** Cuir Dochar Díreach míosúil ar bun chun Duaisbhannaí a cheannach.

**Comhcheannachán**
Le haghaidh comhcheannach táirgí, ní mór don bheirt iarratasóir a bheith cláraithe le Coigilteas Stáit na hÉireann.

**Táirgí a Cheannach do Dhaoine Faoi 18**
Féach ar an bhfoirm iarratais chuí le haghaidh sonraí i dtaobh na ndoiciméad aitheantais a theastaíonn. Tá tuilleadh eolais le fáil ar líne nó ag d'Oifig Poist.

**Rátaí Úis**
Le haghaidh na rátaí úis i leith ár gcuid táirgí faoi láthair: scan an cód mearfhreagartha, téigh chuig **statesavings.ie/our-products** nó téigh chuig d'Oifig Poist.

**Téarmaí agus Coinníollacha**
Is é Coigilteas Stáit na hÉireann an t-ainm branda a úsáideann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) don raon táirgí coigiltis a chuirtear ar fáil don phobal. Feidhmíonn An Post agus an Chuideachta Duaisbhannaí mar ghníomhairí de chuid GBCN chun táirgí a dhíol.

Tá táirgí Choigilteas Stáit na hÉireann faoi réir Uasteorainneacha Sealbhaíochta, Téarmaí agus Coinníollacha, agus reachtaíocht ábhartha. Tá ár leabhrán Téarmaí agus Coinníollacha ar líne ag **statesavings.ie/terms-conditions** agus i d'Oifig Poist.

**Coigilteas Stáit na hÉireann Ar Líne**
Tá ardán áisiúil ar líne againn chun do chuid airgid a fheiceáil agus a bhainistiú ag statesavings.ie. Is féidir leat ráitis a íoslódáil, féachaint ar bhuaigh tú duais ar na Duaisbhannaí, airgead a ath-infheistiú inár dtáirgí eile, agus tuilleadh.

**Déan teagmháil linn**

**Suíomh Gréasáin:** statesavings.ie

**Ríomhphost:** service@statesavings.ie

**Teileafón:** 0818 20 50 60 / 01 705 7200 (Luan–Aoine, 08:00-20:00)

**Ar an bPost:** Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 FSP2

**Tabhair cuairt ar:** Oifig an Phoist